PREASEISIÚINT Uimh. 123/25
Lucsamburg, 16 Meán Fómhair 2025

# Atoghadh Savvas Papasavvas ina Leas-Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

I ndiaidh an athraithe ar chuid de Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta[1], atoghadh Savvas Papasavvas ina Leas-Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

**Curriculum vitae Savvas Papasavvas**

Rugadh Savvas S. Papasavvas in 1969 sa Niocóis (an Chipir). Rinne sé staidéar in Ethnikó kai Kapodistriakó Panepistímio Athinón (Ollscoil Náisiúnta Kapodistrias na hAithne, an Ghréig) agus bhain sé céim arb ionann í agus máistreacht sa dlí (Ptychion) amach in 1991. Lean sé lena chuid staidéir in université de Paris II (Ollscoil Pháras II, An Fhrainc), a bhronn Dioplóma Ard-Léinn sa Dlí Poiblí air in 1992. In 1995, tar éis dó a chuid staidéir dochtúireachta a chríochnú in Université d'Aix-Marseille III (Ollscoil Aix-Marseille III, an Fhrainc), bronnadh an teideal de dhochtúir sa dlí air.

Glacadh isteach ag Barra na Cipire é, agus mar chomhalta de Bharra Niocóise ó 1993, lean an tUasal Papasavvas lena shlí bheatha mar dhlíodóir go dtí gur ceapadh é chuig an gCúirt Ghinearálta in 2004.

Theagasc sé chomh maith in Panepistímio Kýprou (Ollscoil na Cipire) mar léachtóir ó 1997 go 2002, sular ceapadh é mar léachtóir leis an dlí bunreachtúil ó 2002 go 2004.

Ceapadh an tUasal Papasavvas mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta an 12 Bealtaine 2004 agus bhí sé ina Uachtarán ar Dhlísheomra ar feadh dhá théarma as a chéile, ón 15 Meán Fómhair 2010 go dtí an 25 Meán Fómhair 2016. Thogh a chomhghleacaithe é mar Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 27 Meán Fómhair 2019 agus is sa cháil sin atá sé ag obair sa Chúirt Ghinearálta ó shin.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Féach preaseisiúint Uimh. 121/25 an 15 Meán Fómhair 2025.